


An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

Cigireacht Leantach
TUAIRISC

Coláiste Choilm
Sord, Contae Bhaile Átha Cliath
Uimhir rolla: 60383I

Dáta na cigireachta: 22 Meán Fómhair 2014



Dáta eisiúna na tuairisce bunaidh	24/10/2012	Cineál na cigireachta bunaidh	Cigireacht Ábhair: Gaeilge	Dáta na cigireachta leantáí	22/09/2014
Gníomhaíochtaí a bhí mar chuid den chigireacht leantach					
<p>Bhí na gníomhaíochtaí seo a leanas mar chuid den chigireacht leantach</p> <ul style="list-style-type: none"> ✓ Cruinniú leis an bpríomhoide ✓ Cruinniú le comhordaitheoir an ábhair ✓ Cruinniú le múinteoirí uile an ábhair ✓ Breathnú ar theagasc agus ar fhoghlaim ✓ Caidreamh le scoláirí ✓ Athbhreithniú ar cháipéisí agus ar thaifid scoile, agus ar obair na scoláirí ✓ Athbhreithniú ar acmhainní agus áiseanna 					
Moladh sa tuairisc chigireachta bhunaidh					
An dul chun cinn atá déanta go dtí seo ar chur i bhfeidhm an mholta					
<p>Ba chóir díriú i bhfad níos mó ar labhairt na teanga a chleachtadh leis na scoláirí ón tús.</p>			<p>Dul chun cinn i bpáirt</p> <p>Tá scóip ann fós chun díriú níos mó sna ceachtanna ar ghnáthúsáid na teanga labhartha a chleachtadh ar an toirt le scoláirí. Chabhródh úsáid acmhainní teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC) leis seo. Bheadh míreanna ábhartha dearoghnaithe ó chlár TG4 ina spreagadh leis an bplé seo, mar shampla íomhánna amháin ó chlár nuachta nó spóirt, agus míreanna ina mbíonn plé nó tráchtairacht a bheadh sothuigte.</p> <p>B'fhéarr míreanna dílse mar seo den chaint bheo seachas creat tacaíochta á chur ar fáil ag an múinteoir don phlé leis na scoláirí.</p>		
<p>Moltar don bhainistíocht dul i ngleic le roinn na Gaeilge ar mhaithe le meanma na roinne agus feabhsúcháin san ábhar.</p>			<p>Dul chun cinn maith</p> <p>Tá an bhainistíocht shinsearach tar éis dul i ngleic le roinn na Gaeilge ó dháta na cigireachta ábhair agus bhí comhordaitheoir roinn na Gaeilge gafa leis ar bhonn leanúnach. Dá bharr, cuireadh tacaíocht ar fáil le soláthar acmhainní TFC don ábhar, spreagadh agus éascaíodh socrúithe le measúnú a dhéanamh ar inniúlacht labhartha na scoláirí.</p> <p>Tá an measúnú sin le tarlú go luath don dara bliain, faoi Cháisc 2015 don tríú bliain, agus leathnófar é chuig an gcúigiú bliain.</p>		
<p>Ba chóir acmhainní teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC) a úsáid go héifeachtach ar mhaithe le teagmháil a thabhairt do na scoláirí ar úsáid na teanga labhartha.</p>			<p>Dul chun cinn i bpáirt</p> <p>Baineadh úsáid as acmhainní TFC sna ceithre cheacht a breathnaíodh. I gceacht amháin díobh sin a baineadh úsáid as an acmhainn TFC chun taithí ar an teanga labhartha, á labhairt ag duine eile, a chur roimh na scoláirí. Bhí fiúntas sa chaint thacair a bhí in úsáid ach níor mhír dhílis de ghnáthúsáid na teanga í.</p>		
<p>Tá gá le plean an ábhair agus na scéimeanna oibre a athbhreithniú agus spreagadh a chur iontu</p>			<p>Dul chun cinn maith</p> <p>Tá tús curtha le hathbhreithniú a dhéanamh ar phlean roinn na Gaeilge faoi threoir ón tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM).</p> <p>Tá leagan amach phlean na chéad bhliana dírithe ar thorthaí foghlama a shainaithint agus táthar ag leanacht den obair chomhoibríoch seo do phleananna na mblianta eile.</p>		

Achoimre ar na cinntí

- Tá nithe dearfacha le tuairisciú faoin uile cheann de na ceithre mhór-mholadh a bhí sa tuairisc chigireachta ábhair.
- Tá athruithe móra tagtha ar sholáthar foirne roinn na Gaeilge ó dháta na cigireachta ábhair. Tá dul chun cinn le tuairisciú dá ainneoin seo.
- Cuireadh cuntas maith ar fáil ar na céimeanna éagsúla a ghlac roinn na Gaeilge ó dháta na cigireachta ábhair chun feabhsúcháin a cheapadh agus a fheidhmiú.
- Ó dháta na cigireachta ábhair spreag an bhainistíocht na múinteoirí Gaeilge chun feabhsúcháin a bhaint amach san ábhar; d'fhreagair roinn na Gaeilge dó sin agus chuir an bhainistíocht tacaíochtaí ar fáil i gcomhréir leis sin.

Moltaí

- Chuirfeadh piarbhreathnóireacht deiseanna ar fáil le cleachtais a fhorbairt chun scileanna labhartha na scoláirí a fhorbairt le linn ceachtanna

Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn; ní bhfuarthas freagra ón mbord.